C/2024/1649

21.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11440 – CLEARLAKE / INSIGHT / ALTERYX)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1649)

1. An 14 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Clearlake Capital Group L.P. ('Clearlake'), Stáit Aontaithe Mheiriceá,

— Insight Venture Management LLC ('Insight'), Stáit Aontaithe Mheiriceá, faoi rialú Insight Holdings Group LLC,

— Alteryx, Inc. ('Alteryx'), Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Gheobhaidh Clearlake agus Insight rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Alteryx.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta príobháideach é Clearlake a bhfuil cuideachtaí punainne aige atá gníomhach i seirbhísí bogearraí agus seirbhísí atá cumasaithe ag an teicneolaíocht, agus i réimsí an fhuinnimh, na tionsclaíochta, na dtáirgí bia agus na n-earraí tomhaltais.

— Is gnólacht caipitil fiontair agus cothromais phríobháidigh domhanda é Insight, a infheistíonn go príomha in earnáil na teicneolaíochta, agus a dhíríonn ar theicneolaíocht atá dírithe ar thomhaltóirí, agus ar bhonneagar bogearraí atá bunaithe ar SaaS.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Alteryx: cuideachta bogearraí ríomhaireachta a thairgeann táirgí a úsáidtear le haghaidh eolaíocht sonraí agus anailísíocht sonraí. Tá na bogearraí deartha chun uathoibriú ard-anailísíochta a dhéanamh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11440 – CLEARLAKE / INSIGHT / ALTERYX

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË